



C/2024/4775

29.7.2024

MOLADH AN BHOIRD EORPAIGH UM RIOSCA SISTÉAMACH

an 11 Meitheamh 2024

Iena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir leis an measúnú ar éifeachtaí trasteorann beart beartais macrastuamachta agus ar chómhálartacht dheonach na mbeart sin

(BERS/2024/2)

(C/2024/4775)

AN BORD GINEARÁLTA DON BHOIRD EORPACH UM RIOSCA SISTÉAMACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ⁽¹⁾, agus go háirithe Iarscríbhinn IX de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le formhaoirseacht macrastuamachta an Aontais Eorpaigh ar an gcóras airgeadais lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach ⁽²⁾, agus go háirithe Airteagail 3, 16 agus 18 de,

Ag féachaint do Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE ⁽³⁾, agus go háirithe Roinn I de Chaibidil 4 de Theideal VII de,

Ag féachaint do Chinneadh BERS/2011/1 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Eanáir 2011 lena nglactar le Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach ⁽⁴⁾, agus go háirithe Airteagail 18 go 20 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) D'fhonn éifeachtacht agus cur i bhfeidhm comhsheasmhach na mbeart beartais macrastuamachta náisiúnta a áirithiú, tá sé tábhachtach a bheith ag brath ar chómhálartacht dheonach maidir le bearta nach bhfuil faoi réir aitheantais shainordaithigh faoi dhlí an Aontais. In éagmais aitheantais, níl feidhm ag beart macrastuamachta a dhéantar i mBallstát amháin ach amháin maidir le hinstitiúidí creidmheasa arna n-údarú ag an mBallstát sin. D'fhéadfadh sé sin deiseanna a chruthú d'institiúidí creidmheasa teacht timpeall ar an mbeart trí iasachtú trasteorann díreach nó trí iasachtú trí bhraintí. Is féidir le haitheantas a thabhairt do bhearta beartais macrastuamachta náisiúnta cosc a chur ar sceitheadh agus ar arbatráiste rialála, chomh maith le héifeachtaí ar an iomaíocht a shaobhadh a thiocfadh as ceanglais mhacrastuamachta éagsúla a chur i bhfeidhm i ndáil leis na neamhchosaintí céanna ag brath ar an áit ina bhfuil institiúid creidmheasa bunaithe.
- (2) Tá sé mar aidhm leis an gceart maidir le cómhálartacht dheonach i ndáil le bearta beartais macrastuamachta atá leagtha amach i Moladh BERS/2015/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach ⁽⁵⁾ a áirithiú go ndéanfar na bearta beartais macrastuamachta ar fad atá bunaithe ar neamhchosaintí a ghníomhachtaítear i mBallstát amháin a chómhálartú sna Ballstáit eile.

⁽¹⁾ IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

⁽²⁾ OJ L 331, 15.12.2010, lch. 1.

⁽³⁾ IO L 176, 27.6.2013, lch. 338.

⁽⁴⁾ IO C 58, 24.2.2011, lch. 4.

⁽⁵⁾ Moladh BERS/2015/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 15 Nollaig 2015 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann beart beartais macrastuamachta agus maidir le cómhálartacht dheonach ina leith (IO C 97, 12.3.2016, lch. 9).

- (3) An 12 Márta 2024, thug Banca d'Italia, ag gníomhú dó mar an t-údarás ainmnithe chun críoch Airteagal 133 de Threoir 2013/36/AE, fógra don Bhord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) go raibh sé ar intinn aige ráta maolánach earnálach um riosca sistéamach a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 133(9) den Treoir sin, chun athléimneacht earnáil baincéireachta na hIodáile a neartú i gcoinne suaití nach mbaineann leis an timthriall creidmheasa, agus, dá bhrí sin, a cumas cailleanais a ionsú agus tacú le soláthar creidmheasa don gheilleagar. Beidh feidhm ag ráta an mhaoláin um priacal sistéamach (systemic risk buffer, SyRB) maidir le hinstiúidí creidmheasa atá údaraithe san Iodáil. Beidh feidhm ag ráta maolánach riosca shistéamaigh 0,5 % ón 31 Nollaig 2024 maidir le gach neamhchosaint ar riosca creidmheasa agus neamhchosaint ar riosca creidmheasa an chontrapháirtí san Iodáil. Méadóidh an ráta go 1 % ón 30 Meitheamh 2025. Déanfar athbhreithniú ar an ráta SyRB gach dhá bhliain ar a laghad.
- (4) An 12 Márta 2024, chuir Banca d'Italia, ag gníomhú dó mar an t-údarás ainmnithe chun críoch Airteagal 133 de Threoir 2013/36/AE, iarraidh faoi bhráid BERS a mholadh go ndéanfaí an beart beartais macrastuamachta réamhluaite a chómhálartú, ar bhonn aonair agus ar bhonn comhdhlúite, de bhun Airteagal 134(5) de Threoir 2013/36/AE.
- (5) Cómhálartú ceanglas caipitil macrastuamachta arna ngníomhachtú ag údaráis Ballstát eile, ar bhonn aonair agus ar bhonn comhdhlúite, is cuma cé acu a shealbhaítear na neamhchosaintí lena mbaineann trí fhochuideachtaí nó trí bhraintí, nó a eascraíonn siad as iasachtú díreach trasteorann, a chuireann teorainn le sceitheadh agus arbatráiste rialála, a théann i ngleic le rioscaí sistéamacha agus, ar an gcaoi sin, a chuireann sé éifeachtacht fhoriomlán an bheartais macrastuamachta chun cinn trína áirithiú go dtugtar aghaidh ar rioscaí méadaithe ní hamháin sa Bhallstát a thug isteach an maolán um riosca sistéamach ach freisin i mBallstáit eile ina bhfuil grúpaí baincéireachta neamhchosanta ar na rioscaí méadaithe sin. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an aitheantas freisin a áirithiú go mbeidh grúpaí baincéireachta atá neamhchosanta ar na rioscaí sistéamacha sin athléimneach go leor. Dá bhrí sin, ba cheart ceanglais chaipitil mhacrastuamachta a eascraíonn as cinneadh chun bearta macrastuamachta Ballstát eile a aithint a chur i bhfeidhm go ginearálta ar bhonn aonair agus ar bhonn comhdhlúite araon.
- (6) Chun aitheantas a thabhairt do ráta SyRB na hIodáile mar a d'iarr Banca d'Italia, féadfaidh údaráis inniúla agus/nó údaráis ainmnithe ábhartha Ballstáit eile ráta SyRB a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 134 agus 133 de Threoir 2013/36/AE.
- (7) I gcomhréir le hAirteagal 134(1) de Threoir 2013/36/AE, bheadh feidhm ag an aitheantas a thugann Ballstáit eile do ráta riosca shistéamaigh na hIodáile ar tugadh fógra ina leith maidir le neamhchosaintí atá lonnaithe san Iodáil ar instiúidí atá údaraithe sna Ballstáit chómhálartúcháin.
- (8) I gcomhréir le hAirteagal 133(4) de Threoir 2013/36/AE, féadfar ráta maolánach riosca shistéamaigh a chur i bhfeidhm ar bhonn aonair, ar bhonn fo-chomhdhlúite nó ar bhonn comhdhlúite. Dá bhrí sin, má aithnítear ráta maolánach riosca shistéamaigh arna shocrú ag Ballstát eile, is féidir ráta maolánach riosca shistéamaigh a chur i bhfeidhm maidir le gach neamhchosaint ar bhonn comhdhlúite (lena n-áirítear neamhchosaintí arna sealbhú trí fhochuideachtaí atá lonnaithe i mBallstát eile).
- (9) Féadfar údar a thabhairt i gcásanna áirithe le himeacht ón gcur chuige ginearálta maidir le beart aitheanta beartais macrastuamachta na hIodáile a chur i bhfeidhm ar bhonn aonair agus ar bhonn comhdhlúite araon, mar shampla i gcás ina measfaidh na húdaráis chómhálartúcháin go bhfuil na rioscaí sistéamacha sin maolaithe go leordhóthanach agus go hiomchuí cheana féin leis na ceanglais mhacrastuamachta nó mhicreastuamachta atá ann cheana arna gcur i bhfeidhm sa Bhallstát ina bhfuil an grúpa baincéireachta comhdhlúite.
- (10) Moltar i Moladh BERS/2015/2 ó BERS, arna leasú le Moladh BERS/2017/4, ⁽⁶⁾gur cheart don údarás ábhartha a ghníomhaíonn beart beartais macrastuamachta, agus iarraidh ar chómhálartú á cur faoi bhráid BERS aige, tairseach ábharthachta a mholadh ar faoina bun is féidir a mheas go bhfuil neamhchosaint soláthraí seirbhíse airgeadais aonair ar an riosca macrastuamachta sainaitheanta sa dlínse ina gcuireann an t-údarás gníomhachtaithe an beart beartais macrastuamachta i bhfeidhm neamhábhartha. Féadfaidh BERS tairseach eile a mholadh má mheastar gur gá sin.

⁽⁶⁾ Moladh BERS/2017/4 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Deireadh Fómhair 2017 lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann agus ar chómhálartacht dheonach beart beartais macrastuamachta (IO C 431, 15.12.2017, lch. 1).

(11) Tar éis an iarratais go ndéanadh na Ballstáit eile an beart a chómhgartú, agus chun cosc a chur ar iarmhairtí diúltacha trasteorann a theacht chun tosaigh i bhfoirm sceitheadh agus arbatráiste rialála a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar chur chun feidhme an bhirt beartais macrastaumachta a mbeidh feidhm aige sa Phortaingéil chinn Bord Ginearálta BERS an beart sin a chuimsiú freisin ar liosta na mbeart beartais macrastaumachta a mholtar a chómhgartú faoi Mholadh BERS/2015/2. Chinn Bord Ginearálta BERS tairseach ábhartha institiúid-sonrach EUR 25 bhiliún a mholadh freisin. Féadfaidh na húdaráis ábhartha a dhéanann an beart a chómhgartú institiúidí a dhíolmhú ón gceanglas maoláin um priacal sistéamach ar choinníoll nach mó a risíochtaí ábhartha ná EUR 25 bhiliún. Ós rud é gur cheart feidhm a bheith freisin ar bhonn comhdhlúite ag an mbeart atá le heisiúint mar aitheantas ar ráta SyRB na hIodáile ar tugadh fógra ina leith, ba cheart measúnú a dhéanamh ar shuim na neamhchosaintí arna sealbhú trí bhraisi, trí iasachtú díreach trasteorann agus trí fhochuideachtaí in aghaidh na tairisí ábhartha.

(12) Mar sin, ba cheart Moladh BERS/2015/2 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Leasuithe

Leasaítear Moladh BERS/2015/2 faoi mar a leanas:

1. in Alt 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fho-mholadh C(1):

‘An Iodáil

— ráta maolánach 0,5 % maidir le riosca sistéamach i dtaca le gach neamhchosaint ar riosca creidmheasa agus neamhchosaint ar riosca creidmheasa contrapháirtí atá lonnaithe san Iodáil, is infheidhme ón 31 Nollaig 2024 go dtí an 29 Meitheamh 2025; ráta maolánach um riosca sistéamach 1 % a mhéadú maidir le gach neamhchosaint ar riosca creidmheasa agus neamhchosaint ar riosca creidmheasa contrapháirtí atá lonnaithe san Iodáil, is infheidhme ón 30 Meitheamh 2025.’

2. Leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 11 Meitheamh 2024

Ceann Rúnaíocht BERS,
Ar son Bhord Ginearálta BERS
Francesco MAZZAFERRO

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hlarscríbhíne a ghabhann le Moladh BERS/2015/2:

'An Iodáil

ráta maolánach 0,5 % maidir le riosca sistéamach i dtaca le gach neamhchosaint ar riosca creidmheasa agus neamhchosaint ar riosca creidmheasa contrapháirtí atá lonnaithe san Iodáil, is infheidhme ón 31 Nollaig 2024 go dtí an 29 Meitheamh 2025; ráta maolánach um riosca sistéamach 1 % a mhéadú maidir le gach neamhchosaint ar riosca creidmheasa agus neamhchosaint ar riosca creidmheasa contrapháirtí atá lonnaithe san Iodáil, is infheidhme ón 30 Meitheamh 2025.

I. Cur síos ar an mbeart

1. Is éard atá i mbeart na hIodáile, arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 133 de Threoir 2013/36/AE, maolán um riosca sistéamach a chur i bhfeidhm, ar bhonn aonair agus ar bhonn comhdhlúite, maidir le neamhchosaintí ar riosca creidmheasa agus neamhchosaintí ar riosca creidmheasa contrapháirtí atá lonnaithe san Iodáil a bhaineann leis na hinstiúidí creidmheasa uile atá údaraithe san Iodáil.
2. Beidh feidhm ag ráta maolánach um riosca sistéamach 0,5 % ón 31 Nollaig 2024, ag méadú go 1 % ón 30 Meitheamh 2025.

II. An Cómhgartú

3. Moltar d'údaráis ábhartha chómhgartúcháin beart na hIodáile a chómhgartú trína chur i bhfeidhm maidir le neamhchosaintí na mbanc ar riosca creidmheasa agus neamhchosaintí na mbanc ar riosca creidmheasa an chontrapháirtí atá lonnaithe san Iodáil. Is féidir an beart a chómhgartú trí úsáid a bhaint as an raon feidhme seo a leanas i dtuairisciú COREP: Miondealú geografach ar risíochtaí de réir áit chónaithe an oibleagáideora, suim na risíochtaí ar chónaitheoirí na hIodáile i ró 170, colún 90 de Thábla COREP C 09.01 agus ró 150, colún 125 de Thábla COREP C 09.02.
4. Tar éis iarraidh a fháil ó Banca d'Italia, moltar do na húdaráis ábhartha beart na hIodáile a chómhgartú trína chur i bhfeidhm ar bhonn aonair agus ar bhonn comhdhlúite.
5. Mura bhfuil an beart beartais macrastuamachta céanna ar fáil ina ndlínse, moltar do na húdaráis ábhartha, i ndiaidh dul i gcomhairle le BERS, beart beartais macrastuamachta atá ar fáil ina ndlínse lena bhfuil an éifeacht is coibhéisí leis an mbeart thuas a mholtar maidir le cómhgartacht a chur i bhfeidhm. Féadfar a áireamh leis sin bearta agus cumhachtaí maoirseachta a ghlacadh a leagtar síos i dTeideal VII, Caibidil 2, Roinn IV de Threoir 2013/36/AE.
6. Moltar go n-áiríteoidh na húdaráis ábhartha an méid seo a leanas:
 - (a) go bhfuil feidhm ag beart cómhgartach ag a bhfuil ráta 0,5 % agus go gcomhlíontar é ó 31 Nollaig 2024 go dtí an 29 Meitheamh 2025;
 - (b) go bhfuil feidhm ag beart cómhgartach ag a bhfuil ráta 1 % agus go gcomhlíontar é ó 30 Meitheamh 2025.

III. Tairseach ábharthachta

7. Comhlánaítear an beart le tairseach ábharthachta institiúidsonrach bunaithe ar risíochtaí atá lonnaithe san Iodáil. Féadfaidh na húdaráis ábhartha a dhéanann an beart a chómhgartú institiúidí creidmheasa a dhíolmhú ón gceanglas maoláin maidir le riosca sistéamach ar choinníoll nach sáraíonn a neamhchosaintí ábhartha tairseach ábharthachta EUR 25 bhiliún, arb ionann é agus thart ar 1 % de na neamhchosaintí uile ar riosca creidmheasa agus neamhchosaint uile ar riosca creidmheasa an chontrapháirtí ar riosca creidmheasa an chontrapháirtí atá lonnaithe san Iodáil. Chun na risíochtaí ábhartha a shainathint ba cheart a áireamh i ríomh na risíochtaí arna measúnú in aghaidh na tairisí ábharthachta, ba cheart do na húdaráis ábhartha na risíochtaí sa raon feidhme tuairiscithe COREP seo a leanas, ar a laghad, a chur san áireamh: Miondealú geografach ar risíochtaí de réir áit chónaithe an oibleagáideora, suim na risíochtaí ar chónaitheoirí na hIodáile i ró 170, colún 10 de Thábla COREP C09.01 agus ró 150, colún 10 de Thábla COREP C09.02.

8. Ba cheart gach risíocht arna sealbhú trí bhraintí agus trí iasachtú díreach trasteorann agus trí fhochuideachtaí a áireamh i ríomh na risíochtaí arna measúnú in aghaidh na tairisí ábharthachta.
9. I gcomhréir le Cuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, is leibhéal uasta tairisí a mholtar tairseach ábharthachta EUR 25 bhilliún. Dá bhrí sin, in ionad an tairseach mholta a chur i bhfeidhm, féadfaidh údaráis ábhartha atá ag cómhgartú tairseach is ísle a shocrú dá ndlíní i gcás inarb iomchuí, nó an beart a chómhgartú gan aon tairseach ábharthachta. Agus an tairseach ábharthachta á socrú, ba cheart d'údaráis ábhartha breithniú a dhéanamh ar neamhchosaint an tsoláthraí seirbhíse airgeadais aonair ar an riosca macrastaumachta sainaitheanta san Iodáil agus measúnú a dhéanamh ar cibé acu is féidir nó nach féidir a mheas go bhfuil sé neamhábharta.
10. I gcás nach bhfuil aon institiúidí creidmheasa údaraithe sna Ballstáit a bhfuil neamhchosaintí ábhartha san Iodáil acu, féadfaidh údaráis ábhartha na mBallstát lena mbaineann, de bhun Chuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, a chinneadh gan bearta na hIodáile a chómhgartú. Sa chás sin, ba cheart do na húdaráis ábhartha faireachán a dhéanamh ar ábharthacht na neamhchosaintí agus moltar dóibh bearta na hIodáile a chómhgartú i gcás go sáródh institiúid chreidmheasa an tairseach ábharthachta molta.'